



Comhairle Cathrach
Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council

COMHAIRLE CATHRACH BHAILE ÁTHA CLIATH
FODHLÍTHE LUASTEORANN SPEISIALTA, 2019

CÁIPÉISÍ COMHAIRLIÚCHÁIN PHOIBLÍ

Lúnasa 2019

An Rannóg Comhshaoil agus Iompair
Bloc 2, Urlár 7, Oifigí na Cathrach
Cé an Adhmaid, Baile Átha Cliath 8

FODHLÍTHE LUASTEORANN SPEISIALTA CHOMHAIRLE CATHRACH BHAILE ÁTHA CLIATH, 2019

Déanann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, i bhfeidhmiú na gcumhachtaí a bhronntar uirthi in Alt 9 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 2004, agus le toiliú Bhoneagar Iompair Éireann, leis seo, na fodhlíthe seo a leanas maidir le bóithre poiblí áirithe laistigh den limistéar ina gcuimsítear Cathair Bhaile Átha Cliath.

1. Is féidir Fodhlíthe Luasteorann Speisialta Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, 2019 a ghairm de na fodhlíthe seo.
2. Faoi réir chlásal 3 thíos, tiocfaidh na fodhlíthe seo i bhfeidhm an xxxx 2019.
3. Le ham a cheadú chun an chomharthaíocht riachtanach a chur in airde, tiocfaidh an luasteorainn do na limistéir a shaináithnítear mar Chuid A, Cuid B agus Cuid C i líníocht Uimhir 3369-13 i bhfeidhm ar na dátaí a liostaítear thíos:

Cuid A (dath buí) an 31 Márta 2020

Cuid B (dath gorm) an 30 Meitheamh 2020

Cuid C (dath coiréalach) an 30 Meán Fómhair 2020

4. Beidh luasteorainn **ochtó** ciliméadar san uair sa luasteorainn speisialta i leith feithiclí faoi thiomáint mheicniúil ar gach ceann de na bóithre a shonraítear i líníocht uimhir 3369-13 (dath oráiste) agus a liostaítear i gCuid I den aguisín leis an gcáipéis seo.
5. Beidh luasteorainn **seasca** ciliméadar san uair sa luasteorainn speisialta i leith feithiclí faoi thiomáint mheicniúil ar gach ceann de na bóithre a shonraítear i líníocht uimhir 3369-13 (dath glas) agus a liostaítear i gCuid II den aguisín leis an gcáipéis seo.
6. *Luasteorainn Speisialta faoi Chúinsí Speisialta.* Beidh luasteorainn **caoga** ciliméadar san uair sa luasteorainn speisialta i leith feithiclí faoi thiomáint mheicniúil ar gach ceann de na bóithre a shonraítear i líníocht uimhir 3369-13 (dath dúghorm) agus i gCuid III den aguisín leis an gcáipéis seo i gcás teagmhais nó oibreacha cothabhála is cúis le bac nó nuair a bhíonn riosca i dtaobh brú tráchta ar na bóithre. Tá an luasteorainn le tabhairt le fios trí chomhartha teachtaireachta inathraithe. Ag gach tráth eile, fillfidh an luasteorainn ar na bóithre seo ar **ochtó** ciliméadar san uair.
7. Beidh luasteorainn **tríocha** ciliméadar san uair sa luasteorainn speisialta i leith feithiclí faoi thiomáint mheicniúil ar gach ceann de na bóithre a shonraítear i líníocht uimhir 3369-13 (dath líolóige) agus ar gach ceann de na sráideanna atá sna limistéir seo a leanas:

Cuid A – dath buí

Cuid B – dath gorm

Cuid C – dath coiréalach

8. *Luasteorainn Thréimhsiúil Speisialta 30 ciliméadar san uair i bhfoisceacht scoileanna.* Beidh luasteorainn **tríocha** ciliméadar san uair sa luasteorainn speisialta i leith feithiclí faoi thiomáint mheicniúil ar gach ceann de na bóithre a shonraítear i líníocht uimhir 3369-13 (dath dearg) agus a liostaítear i gCuid IV den aguisín leis an gcáipéis seo. **Ó Luan go hAoine** idir 08.15 agus 9.30 agus idir 12.45 agus 16.15 uair agus i rith an ama téarma oifigiúil a thionóltar scoileanna. Ag gach tráth eile, fillfidh an luasteorainn ar na bóithre seo ar **chaoga** ciliméadar san uair.
9. Déantar Fodhlíthe Luasteorann Speisialta Chathair Bhaile Átha Cliath 2018 a aisghairm, leis seo.
10. Beidh luasteorainn limistéir fhoirgnithe **caoga** ciliméadar san uair ann i leith gach bóthair phoiblí eile i limistéar riaracháin Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath faoi mar a shonraítear i líníocht uimhir 3369-13 (dath corcra).

AGUISÍN

- I. Beidh luasteorainn ochtú ciliméadar san uair sa luasteorainn i leith feithiclí faoi thiomáint mheicniúil ar na bóithre a shonraítear:
 1. Seachbhóthar Shéipéal Iosóid ó teorainn Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas / Chathair Bhaile Átha Cliath chuig an acomhal le Bóthar Choinn Colbaird.
 2. Seachbhóthar Sheantraibh ó thuaidh, ó phointe 135 méadar laistear d'aghaidh theas theannta thiar dhroichead theas Acomhal Lána na Cúlóige ó thuaidh chuig teorainn Chomhairle Contae Fhine Gall / Chathair Bhaile Átha Cliath.

- II. Beidh luasteorainn seasca ciliméadar san uair sa luasteorainn i leith feithiclí faoi thiomáint mheicniúil ar na bóithre a shonraítear:
 1. Bóthar Shéamais Uí Lorcáin (ó acomhal Bhóthar an Mhuilinn Uisce chuig acomhal Bhóthar Bhinn Éadair).
 2. Bóthar Bhinn Éadair idir pointe 32 méadar lastoir den acomhal le Bóthar San Assam Thoir agus an t-acomhal le Bóthar Chill Bharróg.
 3. Bóthar Oscair Mhic Thréinir idir pointe 65 méadar laistiar den acomhal le Bóthar Dhún Dónaill agus pointe 74 méadar siar ó thuaidh ón acomhal le Bóthar Mhullach Íde.
 4. Bóthar Fhionnghlaise ó phointe 90 méadar laistiar d'acomhal Bhóthar Fhionnghlaise agus Teachíní Radharc an Túir (in aice Reilig Ghlas Naíon) chuig Seachbhóthar Fhionnghlaise.
 5. Seachbhóthar Fhionnghlaise ó Bhóthar Fhionnghlaise go dtí an Bóthar Thuaidh.
 6. An Bóthar Thuaidh ó acomhal an Bhóthair Thuaidh agus Sheachbhóthar Fhionnghlaise chuig teorainn Chomhairle Contae Fhine Gall / Chathair Bhaile Átha Cliath.
 7. Bóthar na Coille Móire idir an t-acomhal le Bóthar an Náis agus pointe 46 méadar laistear de Dhroichead Iarnróid Bhóthar na Coille Móire.
 8. Ascaill Bhaile Bhailcín idir an t-acomhal le Bóthar an Náis agus an t-acomhal le Bóthar an Mhíle Fhada.

9. Bóthar an Mhíle Fhada idir teorainn Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas / Chathair Bhaile Átha Cliath chuig pointe 46 méadar laistiar den acomhal le Paráid Bhaile Bhailcín.
10. Bóthar Stigh Lorgan idir teorainn Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin / Chathair Bhaile Átha Cliath chuig pointe 180 méadar laistear den acomhal le Bóthar Anglesea.
11. Bóthar Shéipéal Iosóid idir pointe 100 méadar laistiar den acomhal le rochtain Pháirc an Fhionnuisce ag Geata Dhroichead na hInse agus pointe 100 méadar lastoir den acomhal le rochtain Pháirc an Fhionnuisce ag Geata Shéipéal Iosóid.
12. Ascaill Uí Ghríofa pointe 100 méadar laistiar den acomhal le Bóthar Bhaile Munna agus pointe 100 méadar lastoir den acomhal le Bóthar Bhaile Gall Thoir.
13. Bóthar Choinn Colbaird, ó Bhóthar Choinn Colbaird – Seachbhóthar Shéipéal Iosóid chuig pointe 150 méadar laistiar den acomhal leis an gCuarbhóthar Theas.
14. Bóthar Mhullach Íde idir pointe 50 méadar soir ó thuaidh den acomhal leis an timpeallán ag Ard Aidhin chuig pointe 50 méadar siar ó dheas ón acomhal le Síneadh Chros an Tuaiscirt agus Ascaill Halla an Chláir.
15. Síneadh Chros an Tuaiscirt, ón acomhal le mótarbhealach an M1 chuig pointe 50 méadar laistiar den acomhal le Bóthar Mhullach Íde.
16. Ascaill Halla an Chláir ó phointe 50 méadar laistiar den acomhal le Bóthar Mhullach Íde chuig pointe 106 méadar laistiar den acomhal le Bóthar na Gráinsí.
17. Bóthar Mhullach Íde ó phointe 50 méadar lastuaidh den acomhal leis an N32 agus Ascaill Halla an Chláir Ascaill le teorainn Chomhairle Contae Fhine Gall / Chathair Bhaile Átha Cliath.
18. Bóthar Eoin Thiar ón acomhal leis an mBóthar Míleata chuig an acomhal leis an gCuarbhóthar Theas.
19. Bóthar an Náis ó teorainn Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas / Chathair Bhaile Átha Cliath chuig an acomhal le Bóthar na Coille Móire.
20. Bóthar na Gráinsí ó phointe 57 méadar lastoir den acomhal le hAscaill Halla an Chláir chuig teorainn Chomhairle Contae Fhine Gall / Chathair Bhaile Átha Cliath.

21. Seachbhóthar Sheantraibh ó thuaidh ó aghaidh thuaidh theannta thoir Bhóthar Sheantalaimh thar dhroichead chuig pointe 135 méadar laistias d'aghaidh theas theannta thiar dhroichead theas Acomhal Lána na Cúlóige.
 22. An lána dibhéirsithe ó thuaidh (an rampa amach) ar Sheachbhóthar Sheantraibh ag Acomhal Lána na Cúlóige, ó phointe 165 méadar ó líne aghaidh theas theannta thiar an droichid theas ag an acomhal ó phointe chuig pointe 87 méadar ón líne seo.
 23. Seachbhóthar Sheantraibh ó dheas ó phointe 127 méadar laistias d'aghaidh theas theannta thoir an droichid theas ag an acomhal le haghaidh thuaidh theannta thoir Bhóthar Sheantalaimh thar an droichead.
 24. An lána dibhéirsithe ó dheas (an rampa isteach) ar Acomhal Lána na Cúlóige, ó phointe 5 mhéadar ó líne aghaidh theas theannta thoir an droichid theas ag an acomhal, chuig acomhal le Seachbhóthar Sheantraibh.
 25. Carrbhealach ó dheas Sheachbhóthar Shéipéal Iosóid an R148, ó phointe 105 méadar lastoir de chrosbhealach Bhóthar na Coille Móire le Seachbhóthar Shéipéal Iosóid an R148, siar chuig Teorainn na Cathrach/an Chontae ag Baile Phámar.
- III. Beidh luasteorainn caoga ciliméadar san uair sa luasteorainn i leith feithiclí faoi thiomáint mheicniúil ar na bóithre a shonraítear:
1. Seachbhóthar Sheantraibh, ó dheas idir teorainn Chomhairle Contae Fhine Gall / Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus pointe 250 m laistias d'aghaidh thuaidh theannta thoir an droichid thuaidh ag Acomhal Lána na Cúlóige.
 2. Tollán Chalafort Bhaile Átha Cliath (Bealach Rochtana an Chalafort Thuaidh), ó Dheas.
 3. Tollán Chalafort Bhaile Átha Cliath (Bealach Rochtana an Chalafort Thuaidh), ó Thuaidh.
- IV. Luasteorainn Thréimhsiúil Speisialta 30 ciliméadar san uair i bhfoisceacht scoileanna.
1. Bóthar an Mhíle Fhada (na carrbhealaigh soir agus siar) ó phointe 10 méadar lastoir den acomhal le Paráid Bhaile Bhailcín chuig pointe 60 méadar lastoir den acomhal le Páirc Shliabh Bladhma.
 2. Páirc Shliabh Bladhma

3. Bóthar Shéipéal Iosóid ó phointe trasna ón teorainn choiteann idir uimhreacha 4 agus 5 Ardán an Mhuilinn gCearr ar feadh fad 140 méadar siar
4. Bóthar Bhinn Éadair ó phointe ag Cuaille Solais Phoiblí 86 agus Siar ar feadh 160 méadar agus Soir ar feadh 60 méadar
5. Ascaill Uí Ghríofa ó phointe ag Cuaille Solais Phoiblí 11 agus Siar ar feadh 373 méadar agus Soir ar feadh 67 méadar
6. Bóthar Shéamais Mhic Aonghasa ó phointe ag Cuaille Solais Phoiblí 70 agus Siar ar feadh 78 méadar agus Soir ar feadh 92 méadar
7. Bóthar Thír an Iúir Thoir ó phointe ag Cuaille Solais Phoiblí 16 agus Soir ar feadh 200 méadar agus Siar ar feadh 80 méadar
8. Bóthar Clareville Thoir ó phointe ag Cuaille Solais Phoiblí 11 agus Soir ar feadh 79 méadar agus Siar ar feadh 100 méadar

I láthair nuair a cuireadh Séala

Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

leis seo:

An lá seo in 2019